

FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlónadh ealaíon seo ar nuachtáin

Ghrúpa Meán Bhéal Feirste,

Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le www.nuacht.com



Forlónadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Teagmháil: leabhar@nuacht.com

Damhsa na bíse Cuid II

Ciarán Ó Muirí (arna aistriú ag Pádraig Ó Snodaigh)

Leabhar Ceannanais an lámhscríbhinn ornáidithe is tábhachtaí atá againn agus an leathanach is clúití de an ceann sin mar atá na litreacha Gréagacha *chi* agus *rho*, ceannlitreacha Chríost ag fi ar a chéile i ndamhsa cuanna biseanna laistigh de bhiseanna á n-inmheánú acu lena linn, biseanna cuid acu dúbailte, cuid eile triarach, móide biseanna nasctha le chéile – amhail is dá raibh fuinnimh uilig na cruthaíochta – ó ghuairneáin go réaltbhúion – cuimsithe ann, tógtha ó éagrúth go hord ar ordú an ainm naofa.

Bhí trí dheichniúr thart ó tháinig mé ar na patrúin seo ag Sengakují; ach ní raibh mé fós tagtha ar an nsc idir iad agus as ar tháinig mé.

Agus an India gaolmhar leis an tSeapáin ó thaobh creidimh de agus le hÉirinn ó thaobh cultúir de, shíl mé gurbh fhiú an ghné chomhonta a lorg ansin.

Ach níor tháinig mé ar aon fhianaise – agus loirg mé a leithéid go leanúnach – gur mhair aon rian den tadhall sin.

B'fhéidir, shíl mé, amhail Búdachas gur claochlaíodh é i dtír a ghinte.

Ach ba seo a fuair mé ag Chidambaram. Sa cholúnra dhórcha ar chúl an teampaill, las na lampái preabarnacha gona míle *ghee*, gona mboladh gear mar a bheadh ó chócaireacht dhóite, las siad colún i ndiaidh colúin mar a raibh na patrúin seo inscríofa ar na mullaigh arís.

Beo arís *futatsudomoe* agus *mitsumodoe*, móide – ós rud naofa don dia seo uimhir a cúig – *itsutsudomoe* fosta.

Labhair mé faoi easpa leanúnachais. Is é *A Search in Secret India* le Paul Brunton an cuntas clasaiceach air sin.

Deir sé ansin conas mar a thóg comhrá i siopa leabhar i Londain faoin seanchreideamh sin aithneochollú, mar a thóg sin é in imeacht ama chun a bheith bheo sin mar chreideamh a lorg sin India.

Chuaigh sé ó fhear nó bean naofa amháin go ceann eile, go dtí – agus é ar tí imeacht go héadóchasach – gur fhíll sé de thallann fhánach ar dhuine acu.

Agus b'ansin ag bun sléibhe naofa a fuair sé síocháin dhoshamhalta.

Bshin mar a bhí mé anois i mo sheasamh: ní de bharr an tóraí eile níos luaithe ach mar gheall ar an séasúr. Bhí saoire

shabóideach agam ón ollscoil, rud a thug deis dom páirt a ghlacadh i bhféile a bheadh i lár téarma, de ghnáth.

Ceiliúraítear í faoi ré an fhómhair a bhí os iséal sa spéir agus muid ag siúl deiseal timpeall an tsléibhe.

Deirim 'muid' nó ní ligfeadh mo threoraí dom an turas a dhéanamh i m'aonar.

Nuair a dúirt mé leis nár ghá, ar sé, "Sílim go bhfuil tú scór bliain níos sine ná mé." Bhí mé, agus bhí faitíos air go dtitfinn as mo sheasamh ar an turas, naoi míle slí a bhí ann ina iomláine.

Oíche a bhí ann agus muid ar an bhóthar, ach í geal faoin ré iontach sin: go raibh an dealramh air, mar a bhíonn sna teochriosanna, go raibh sé gar dúinn, ollmhór agus beo.

Ghlac mná a raibh íobairt déanta acu dá gcuid gruaige, mar a rinneadh anallód ar son *Adonis*, ghlac siad páirt sa mhórshíúl, a gcloigne smeartha le taos santail ar nós mearóga plumaí faoi anlann brandaí.

Iad sin ba mhó maoin bhí siad ag luascadh ar eilifintí péinteáilte; iad sin ba lú gustal rolláil siad ar aghaidh ar chartanna daimh.

Rinne ógánaigh seabhrán eatarthu, iad pacáilte ar ghluaisrothair; ar thaobh an bhóthair bhí veaineanna gona ríomhairí le fios a bhaint as na réaltaí.

Bhí callairí i ndiaidh a chéile fad an bhealaigh as ar chas popamhránaithe *mantra* mo ghinealaigh ióga: nó sé dhia an tsléibhe, dia *Chidambaram*.

Anseo, áfach, bhí mé ag dul sa seans: tharraing mo threoraí i leataobh mé ar aireachtáil thormán na dtucailí faoi ualach earraí do na bothanna taobh bóthair, nó busanna líonta ag méidíní nárbh fhéidir leo leanúint de shiúl a gcos.

B'fhollas gur shíl sé go mba chóir dom bheith ina measc sin: ach ar deireadh na timchuirte ba é a bhí ag bacadaíl.

Leag sé an locht ar thobac; ach bíhearr liom smaoineamh ar locht eile.

Theastaigh uaim a chreidbheáil nach raibh faic le múineadh faoi oilithreach do neach a dhreap sliabh gréine na hÉireann sa bháisteach, ag dul tríd na scamaill agus ag amharc tríd na bristeacha ar an iliomad oileán – 365 acu, más fíor – sa chuan fúinn, súile á gcosaint ar sholas a dhallfadh thú.

Bshin uilig chéad lá na féile; is don lá ina dhiaidh a tháinig na turasóirí. Tógadh díon ar n-óstáin, amhail a liacht eile, mar láthair amhairc.

Ar thaobh amháin bhí an altóir, as ar thóg an sagart luaitheach ar gcoiscricthe móide tráidire ofrálacha as ar ordaigh sé dúinn ithe, é leis an mheangadh shéimh thruch sin a fheictear ar dhealbhóireacht Bhúdach.

Ansin, agus an ghrian ag bailiú léi ón spéir, léiríodh an teampall i lár an bhaile le neon; lasadh sraith tinte cnámh ceann i ndiaidh a chéile go gasta feadh na conaire suas an sliabh, amhail nathair; agus ansin de phlimpeáil ón mhullach lasrach céad troigh a dhóidh roinnt laethanta.

Agus ar a fheiceáil sin dóibh réab glórtha an phobail tríd an aer.

An chéad mhaidin eile bhailigh na turasóirí leo. Bhí mo threoraí buartha fá dtaobh díom i dtólamh.

Chomhairligh sé go mbeadh moill dhá uair an chloig roimh chuairt ar an teampall. Ach níl aon am folamh in ióga agus chuaigh an t-am thart go dtí gur shroich muid an sanctóir.

Nuair a bhíomar ag teacht amach a tharla sé. Bhí an bealach amach ón teampall faoi cheann de na geataí crochta ar a dtugtar *gopuram*, áit mar a sintear in aon chonlán amháin.

Bhí muid ag imeacht nuair a dhealaigh bean í féin den ghrúpa, go ndeachaigh ar a glúine romham, gur umhligh is gur theagmhaigh sí le mo chosa.

Gan amhras ní raibh aon taithí agam ar bhean á caitheamh féin síos ag mo chosa. D'fhiafraigh mé de mo threoraí cad é a bhí ag tarlú agus bhí an freagra níos scannrúla fós: "Tá sí d'adhradh." Anois bhí mé buartha ach mhínigh sé:

"Amharc thart ort. An bhfuil eachtrannaigh eile le feiceáil? Bhí an bhean seo ina suí ag an gheata agus tú ag teacht isteach. "Nuair a thug sí tú faoi deara ag teacht amach bhí a fhios aici nach fámaire thú. Bhí a fhios aici go raibh turas fada curtha díot le hómós a léiriú ag a teampall. Sin an chúis a bhfuil sí d'adhradh!"

Ní raibh sé chomh haduain sin nó is é an chiall atá le *namasté* 'umhlaim den spiorad laistigh díot'.

Ach feidhmíu an léargais sin cha mbeadh gá leis an tóir.

Cré na Cille na Spáinnise

Anton Mac Cába

Tá *Pedro Páramo* leis an Mheicsiceach, Juan Rulfo, ar úrscéalta móra na Spáinnise. Is úrscéal é ar fiú a léamh agus a athléamh.

Tá sé cosúil, ar dhóigheanna, le *Cré na Cille* s'againn féin. Tá na carachtair ar fad marbh, díomaite (b'fhéidir) d'fhear amháin.

Ag tús an úrscéil, tá Juan Preciado ar a bhealach go baile iargúlta Comala.

Is le gealltanais a chomhlíonadh seo, gealltanais a rinne sé dá mháthair agus í ag fail bháis. D'iarr sí air dul ann agus Pedro Páramo, a athair, a fheiceáil.

Castar fear air ar an bhealach, fear a sheolann chuig teach lóistín ar an bhaile é. Agus é ann, buaileann Preciado le pobal Comala.

Go luath, tuigeann sé gur marbh atá siad. Tuigeann sé, leis, nach ionann an Pedro Páramo i scéalta a mháthair agus an Pedro Páramo a bhí ann go fírinneach.

Ba é Pedro Páramo an tiarna talún áitiúil, an deachtóir ar an cheantar, fear a bhí beag beann ar chúrsaí moráltachta.

Dála *Cré na Cille* na Gaeilge, ní úrscéal traidisiúnta réalaióch é. Insítear scéalta na marbh i sleachta gairide, ar gearrscéalta gairide iad.

Ba ghrianghrafadóir aitheanta é Rulfo. Tá rian láidir den tuiscint atá riachtanach ag

grianghrafadóir ar an leabhar: is é sin, tá sé ábalta teacht ar eachtra nó abairt amháin a léiríonn an dúruid rudaí eile.

Tá páirt mhór ag an Chaitliceachas sa leabhar, beart a d'fhágadh an-suim ag daoine anseo ann.

Tugann na daoine Caitlicigh orthu féin, agus an Caitliceachas trína gcuid nósanna. Ach dála Chaitliceachas traidisiúnta na tuaithe in Éirinn, is Caitliceachas ar a dhóigh féin é.

Míníonn sagart paróiste Contla seo do shagart Comla, an tAthair Rentería:

Ba mhaith liom a chreidiúint gur fíréin dhílse i gcónaí iad siúd atá faoi do chúram. Ní thusa bunchloch a gcreidimh siúd, áfach. Pisreoga agus faitíos an bunús atá leis.

Tá *Pedro Páramo* ar cheann de na húrscéalta a spreag an réalachas draíochta in úrscéal Mheiriceá Laidinigh.

Is é Gabriel García Márquez an scríbhneoir is aitheanta sa stíl sin. D'aithin sé go raibh sé faoi chomaoin mhór ag Rulfo.

Ba i 1955 a foilsíodh *Pedro Páramo*. Bhí sé tamall sular aithníodh mar úrscéal den scoth é nó thóg sé ceithre bliana le 2,000 cóip a dhíol.

Níor scríobh Rulfo ach an t-aon úrscéal seo amháin.

Tá buíochas le dul

chuig Tomás Mac Siomóin as Gaeilge a chur ar an leabhar, agus chuig Coiscéim as é a fhoilsiú.

Tá an Ghaeilge chun tosaigh ar Shasana sa chás seo, nó is ó fhoilsitheoir Meiriceánach amháin atá an leagan Béarla ar fáil.

Is maith an rud é a leithéid de leabhar bheith ar fáil sa Ghaeilge. Tá sé de mhí-ádh orainn, go fiú mar dhaoine le Gaeilge, gur trí shúile an Bhéarla a fheicimid an saol mór.

Cinnté, tá saibhreas iontach ag litríocht an Bhéarla. Ach ní hé litríocht an Bhéarla an t-aon litríocht amháin atá ann, ná baol air.

Faraor, tá níos lú aistriúcháin Bhéarla ar shaothar ó theangacha eile ná mar a bhí glúin ó shin, agus is ar aimhleas an chultúir sin.

Pedro Páramo le Juan Rulfo, Tomás Mac Siomóin a d'aistrigh, Coiscéim. €10/£8.50

Pedro Páramo
le Juan Rulfo Tomás Mac Siomóin a d'aistrigh



An bhfuil tú ag scríobh?

Má tá gearrscéalta nó dánta ina luí sa deannach faoin leaba agat, is é seo an t-am cuí lena dtarraingt amach.

Leanfaidh Grúpa Meáin Bhéal Feirste leis ag foilsiú scríbhneoireacht nuachumtha ar bhonn rialta agus tá an t-eagarthóir ealaíon ag fanacht le d'iarracht. Ní hamháin go mbeidh do shaothar le feiceáil

i nuachtán a léitear go leitheadach, ach íocfar táille chuí as na hiarrachtaí a chuirfear i gcló.

Cheana féin seoladh an dara himleabhar den scríbhneoireacht nua a foilsíodh ar *Lá Nua*. Chomh maith leis sin beidh sé le feiceáil ar an suíomh, www.nuacht.com.

Is féidir iarrachtaí a

sheoladh ar ríomhphost chuig: leabhar@nuacht.com nó tríd an phost go dtí:

Scríbhneoireacht Nua
Faoi Chaibidil
2 Cnoc Bhaile Haine,
Béal Feirste,
BT17 OLT

